2025/2599

17.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2599 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Nollaig 2025

lena n-osclaítear taraifchuóta le haghaidh 2026 le haghaidh allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh na hIorua isteach san Aontas, ar de thoradh iad na táirgí sin ar phróiseáil táirgí talmhaíochta a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 16(1), pointe (a), de,

Ag féachaint do Chinneadh 2004/859/CE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 maidir le Comhaontú trí Mhalartú Litreacha a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na hIorua ar Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua ([2]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua an 14 Bealtaine 1973 ([3]) ('an Comhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua') agus Prótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') ([4]) arna leasú le Cinneadh Uimh. 140/2001 ó Chomhchoiste LEE ([5]), cinntear na socruithe trádála idir an tAontas agus Ríocht na hIorua maidir le táirgí talmhaíochta áirithe agus táirgí próiseáilte talmhaíochta áirithe.

(2) Le Prótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE, déantar foráil maidir le ráta nialasach dleachta le haghaidh uiscí a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe, a aicmítear faoin gcód AC 2202 10 00, agus deochanna neamhalcólacha eile nach bhfuil táirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404 iontu ná saill a fhaightear ó tháirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404, a aicmítear faoin gcód AC 2202 90 10.

(3) Ó bhí an 1 Eanáir 2017 ann, tá na cóid AC 2202 91 00 agus 2202 99 curtha in ionad cód AC 2202 90. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo ba cheart táirgí a bhfuil na cóid 2202 10 00, ex 2202 91 00 agus ex 2202 99 ag gabháil leo a chumhdach.

(4) Leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le Prótacal 2 a ghabhann leis angComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua ([6]) ('an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha') cuirtear ar fionraí go sealadach an córas saor ó dhleacht arna chur i bhfeidhm faoi Phrótacal 2 maidir le hearraí a aicmítear faoi na cóid AC 2202 10 00 (uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe) agus ex 2202 90 10 (deochanna neamhalcólacha eile ina bhfuil siúcra) ar cuireadh na cóid AC 2202 10 00, ex 2202 91 00 agus ex 2202 99 ina n-ionad. I gcomhréir leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha, níl allmhairí saor ó dhleacht na n-earraí sin, de thionscnamh na hIorua, le ceadú ach amháin laistigh de theorainneacha taraifchuóta ag a bhfuil ráta dleachta 0 %. Tá dleacht 0,047 EUR/lítear infheidhme maidir le cainníochtaí allmhairiúcháin a sháraíonn an taraifchuóta sin.

([1]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/510/oj.
([2]) IO L 370, 17.12.2004, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/859/oj.
([3]) IO L 171, 27.6.1973, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1973/1691/oj.
([4]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([5]) Cinneadh Uimh. 140/2001 ó Chomhchoiste LEE an 23 Samhain 2001 lena leasaítear Prótacail 2 agus 3 de Chomhaontú LEE (IO L 22, 24.1.2002, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2001/140(2)/oj).
([6]) IO L 370, 17.12.2004, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/859/oj.

(5) Leagtar amach freisin sa Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha, más rud é nach bhfuil an taraifchuóta ídithe faoin 31 Deireadh Fómhair i mbliain áirithe, go bhfuil rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas le deonú do na táirgí i dtrácht ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig den bhliain dár gcionn.

(6) Cuóta bliantúil 2024 do na táirgí i dtrácht, arna oscailt le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2169 ([7]) ón gCoimisiún, níor ídíodh é faoin 31 Deireadh Fómhair 2024. Dá thoradh sin, foráladh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3001 ([8]) ón gCoimisiún nach mbeadh feidhm ag an gcóras dleachta a leagtar síos sa Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha maidir le hallmhairí isteach san Aontas ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025, agus dá réir sin tugadh rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas do na hearraí lena mbaineann.

(7) Ceanglaítear leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha go n-osclófar arís an cuóta saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí atá i gceist le haghaidh 2026. An cuóta bliantúil deireanach le haghaidh na dtáirgí sin, osclaíodh é le haghaidh 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2169. De bharr nár osclaíodh aon chuóta bliantúil le haghaidh 2025, is iomchuí méid an chuóta a shocrú le haghaidh 2026 ar an leibhéal céanna le 2024.

(8) Ba cheart don Choimisiún na taraifchuótaí a bhainistiú ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí ar a nglactar leis na dearbhuithe custaim i ndáil le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcomhréir leis na rialacha maidir le bainistiú taraifchuótaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2447 ([9]) ón gCoimisiún.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um cheisteanna cothrománacha a bhaineann le trádáil i dtáirgí talmhaíochta próiseáilte nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 510/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026, beidh an taraifchuóta saor ó dhleacht a leagtar amach san Iarscríbhinn oscailte d'earraí de thionscnamh na hIorua atá liostaithe san Iarscríbhinn sin, faoi na coinníollacha a shonraítear inti.

2. Na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i bPrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua, beidh feidhm acu maidir leis na hearraí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Maidir le cainníochtaí a allmhairítear os cionn méid an chuóta a leagtar amach san Iarscríbhinn, beidh feidhm ag dleacht tosaíochta 0,047 EUR/lítear maidir leo.

Airteagal 2

Déanfaidh an Coimisiún an taraifchuóta saor ó dhleacht dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2169 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2021 lena n-osclaítear taraif-chuóta do 2022 maidir le hallmhairiú isteach san Aontas ar earraí de thionscnamh na hIorua ar de thoradh iad ar phróiseáil táirgí talmhaíochta a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 438, 8.12.2021, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2169/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3001 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 maidir le rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas a dheonú le haghaidh 2025 d'earraí áirithe de thionscnamh na hIorua ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad a chumhdaítear leis an Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/3001, 3.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3001/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Stéphane SÉJOURNÉ
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

Taraifchuóta saor ó dhleacht is infheidhme ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 maidir le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh na hIorua isteach san Aontas

Uimhir an Ordaithe	Cód AC	Cód TARIC	Tuairisc ar earraí	Méid an chuóta
09.0709	2202 10 00		— Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe	23,029 milliún lítear Nach bhfuil táirgí iontu atá faoi cheannteidil 0401 go 0404 ná saill a fhaightear ó tháirgí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404
	ex 2202 91 00	10	— Beoir neamhalcólach ina bhfuil siúcra (siúcróis nó siúcra inbhéartaithe)	
	ex 2202 99 11	11 19	— Deochanna bunaithe ar shoighe ina bhfuil cion próitéine 2,8 % nó níos mó de réir meáchain agus ina bhfuil siúcra (siúcrós nó siúcra inbhéartaithe)	
	ex 2202 99 15	11 19	— Deochanna bunaithe ar shoighe ina bhfuil cion próitéine is lú ná 2,8 % de réir meáchain; deochanna bunaithe ar chnónna Chaibidil 8 den Chomhtharaif Chustaim, ar ghránaigh Chaibidil 10 den Chomhtharaif Chustaim nó ar shíolta Chaibidil 12 den Chomhtharaif Chustaim, ar deochanna iad ina bhfuil siúcra (siúcrós nó siúcra inbhéartaithe)	
	ex 2202 99 19	11 19	— Deochanna neamhalcólacha eile a bhfuil siúcra breise curtha leo (siúcróis nó siúcra inbhéartaithe)	